ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/495/oj

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C/2025/495

31.1.2025

GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/495)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú i bpáirt

Uimhir thagartha an Chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2025)165	24 Eanáir 2025	trí-ocsaíd chróimiam (Uimh.CE215-607-8; Uimh. CAS-1333-82-0)	Sarrel, 38 rue Paul Chevalier, 72260 Marolles les Braults, Sarthe – Pays de la Loire, an Fhrainc	REACH/25/3/0	Úsáid thionsclaíoch le haghaidh eitseáil ábhar plaisteach, mar chéim réamhchóireála den phróiseas leictreaphlátála, le haghaidh feidhmeanna mótarfheithiclí	An 31 Nollaig 2028	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.
			Sarreliber - Transformação de Plásticos e Metais, S.A, Parque Empresarial de Mogueiras-Tabaçô Arcos de Valdevez 4970-685, Arcos de Valdevez, an Phortaingéil	REACH/25/3/1			

[1] Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu)

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.